# Príomh-chomhábhair Ceoil Scáfara

## Déan iniúchadh ar an gcaoi ar féidir le comhábhair an cheoil tionchar a imirt ar léiriú carachtar, a gcaidreamh agus a mothúcháin

Úsáid an físeán seo mar spreagadh duit *An Chaoi a n-Athraíonn an Ceol Radharc*

- Pléigh gach stíl cheoil faoi na ceannteidil – mothú, tempo/luas, dinimic, séis, uirlisí, srl
- Cén ceol is fearr a d'oibrigh agus cén fáth?
- Déan iniúchadh ar na comhábhair cheoil a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agus tú ag cumadh i gcomhair carachtair ar leith

## Cum píosa gearr faoi bheirt de na carachtair thíos
## Bain úsáid as nodaireacht chaighdeánach nó ghrafach






- Roinn do rang i ngrúpaí níos lú
- Le chéile in bhur ngrúpa, socraígí cén dá charachtar a mbeidh bhur bpíosa bunaithe orthu
- Aontaígí cad iad na mothúcháin agus/nó an caidreamh a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeirt charachtar seo
- Socraigh cad iad na comhábhair cheoil atá le húsáid chun na tréithe a léiriú do gach carachtar
- Bain úsáid as uirlisí éagsúla ranga chun téama gearr a chruthú do gach carachtar
- Taifead do théama

## Éist – Meaitseáil – Cosain






- Éist le taifeadadh gach grúpa agus meaitseáil na carachtair leis an téama ceart
- Ag baint úsáid as comhábhair an cheoil mar d'fhianaise, luaigh cén fáth a gcreideann tú go dtagann an ceol leis an gcarachtar sin
- Ansin tuairiscíonn gach grúpa ar ais maidir leis an gcaidreamh agus na mothúcháin a bhí ag a gcarachtar, cad iad na comhábhair cheoil a chabhraigh le tacú le gach carachtar, agus conas a chruthaigh siad an téama

BY NC